



# Fáilte chuig 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha'

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná: **Na Scoileanna Caitliceacha: Tugtar ár nDúshlán Trócaire Dé a Fhógairt.**


Tugtar ár ndúshlán sna scoileanna Caitliceacha, trócaire Dé a fhógairt ar iliomad bealaí. Tarlaíonn sé i rith an ranga oideachais reiligiúnach áit ina mbíonn na múinteoirí ag iarraidh go mbeadh intinn agus croí na mac léinn oscailte roimh Dhia. Is sampla maith an phribhléid seo de bheith ag freagairt don dúshlán Críostaí, a bheith mar fhinne ar Dhia i ngnáthchúrsaí an tsaoil. Is freagairt ar an dúshlán chomh maith í, an acmhainn seo a bhaineann le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha na bliana seo. Tugtar deiseanna éagsúla bheith ag déanamh taighde maidir le trócaire Dé i measc phobal na scoile.

Iarrann tréadlitir an Phápa Proinsias *Laudato Si'* orainn aire a thabhairt don domhan. Tugann sé spreagadh dúinn teacht ar bhainistíocht inbhuanaithe a chothóidh gach sórt beatha ar domhan. Iarrann an Pápa Proinsias orainn machnamh a dhéanamh ar ár nósanna maireachtála, agus conas mar a d'fhéadfaimis an tionchar ar an timpeallacht a mhaolú. Mar fhreagairt ar an nglao seo, tá na hacmhainní a bhaineann le SSC 2016 ar fáil saor in aisce ar líne. Tá ceachtanna ar fáil don oideachas reiligiúnach, trí cinn don tsraith shóisearach agus trí cinn don tsraith shinsearach. Tá ábhar ar leith sna ceachtanna le heochairscileanna éagsúla a fhoghlaim, agus tá ábhar machnaimh iontu chomh maith. Tugtar moltá freisin maidir le deiseanna a chruthú don fhoireann, machnamh a dhéanamh ar an ábhar céanna. Tugtar an dúshlán céanna don uile dhuine a bhaineann le pobal na scoile, Trócaire Dé a fhógairt. Tugann an acmhainn deis don fhoireann machnamh a dhéanamh ar thábhacht na scoileanna Caitliceacha sa bhliain 2016.

Téigh chuig [www.catholicschools.ie](http://www.catholicschools.ie) le hacmhainní SSC 2016 a íoslódáil.  
Le gach dea-ghuí,

*An Fhoireann Acmhainne*

**Paidir le hAghaidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2016**



*Rinne Bríd Dunne comhordú ar an acmhainn seo i gcomhar le hAisling English agus Karen O'Donovan, le comhairliúchán an choiste stiúrtha Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2016.*



# Machnamh an Lae

Tugtar ár nDúshlán Trócaire Dé a Fhógairt

## Cad

Cén cruth a bhíonn ar an trócaire i ngníomh? Baineann maithiúnas leis na hábhair seo: comhbhá, tuiscint, tacaíocht, cluas le héisteacht, gan a bheith daorbhreithiúnach, grá agus caoine a léiriú. Is sa Chóineartú a bhronntar an Spiorad Naomh orainn. Deir Naomh Pól gurb iad naoi dtoradh an Spioraid ná: **grá, lúcháir, síocháin, foighne, cneastacht, maitheas, dílseacht, caoine,** agus **féinsmacht**. Is iad seo na comharthaí a bhaineann le saol Críostaí an duine. Imíonn bronntanais eile uainn chomh luath is a mbronnaimi d iad, ach maidir leis na bronntanais seo, bíonn siad ag fás is ag forbairt de réir mar a bhaintear úsáid astu. Bíonn siad mar fhinnéithe ar Dhia agus tugann siad an dea-shampla do dhaoine aithris a dhéanamh ar an modh maireachtála seo.

## Cé

Bíonn sé éasca grá a thabhairt do dhaoine a bhfuil cion acu orainn. Bíonn sé éasca a bheith ag tabhairt do na daoine a thugann dúinne. Ní dúshlán é trócaire a léiriú i leith na ndaoine atá tábhachtach dúinn. Iarrann beatha Íosa orainn dul ar aistear éagsúil uaidh sin. Bhí seisean ar aistear chuig cnoc Chalvaire. Ní bhíonn an turas in aghaidh na fána éasca i gcónaí. Baisteadh mar Chaitlicigh sinn, táimid páirteach i dteaghlach Dé, bíonn meas againn ar an dea-shampla a thug Íosa dúinn. D'fhógair seisean go ndéanfaí trócaire ar na daoine imeallacha. Bíonn sé furasta go leor na daoine a bheadh ag impí orainn trócaire a dhéanamh orthu a aithint. Is é dúshlán na soiscéal é, an trócaire sin a dhéanamh ar na daoine is mó gátair. Caithfear tús áite a thabhairt do na daoine seo.

## Cén Áit

Ní bhíonn orainn dul i bhfad ó bhaile, nó gaiscí a dhéanamh le bheith mar dhaoine trócaireacha. Bíonn sé deacair go leor dúinn dualgais an tsaoil mar mhac léinn, mar chlann, mar shiblín, mar chara, mar bhall d'fhoireann spóirt a chomhlíonadh. Bean rialta Francach óg ba ea Naomh Treasa a bhí mar bhall d'ord iata. Ní raibh aithne ar bith uirthi,





níor bhain tábhacht ar bith léi. Níor labhair sí puinn, ach bhíodh aoibh an gháire uirthi i gcónaí. Níor chuir sí isteach ar aon duine. Tar éis bháis di, léirigh na dialanna a scríobh sí gur bhain foighne agus grá thar na bearta léi. Cé gur chónaigh sí i leataobh ón tsochaí, bhíodh sí ag guí de shíor ar mhaithe leis na daoine a bhí ag obair ar na misin, ar son na bpeacach, orthusan a bhí ag brath ar thrócaire Dé. Chailleadh sí foighne ó am go ham leis na mná rialta aosta sa chlochar, ach níor chuir sí in iúl riamh é. Lorg sí obair san áit ba dheacra istigh, agus ghuigh sí go ndéanfaí trócaire uirthi féin agus ar na mná rialta a bhíodh anuas uirthi, nó ag cur as di. Fuair sí bás i ngan fhios don saol, ach rinne Dia deimhin de go n-aithneofaí mar naomh í. Is cuma cén áit ina mbíimid, beidh deis againn an trócaire a fhógairt. Is minic go mbíonn sármheas ar an ngníomh ciúin trócaireach.

## Cathain

Is maith an rud é deis ar bith a ghlacadh le trócaire a dhéanamh. Má dhéanaimid teagmháil leis an duine croíbhriste, an duine a rinne drochghníomh a ghoilleann orthu go mór, is fearr an deis a thapú. Is gníomh uasal é ualach na fulaingthe a bhaint de dhuine. Tá go leor daoine bochta thart, ach is é easpa spioraid an rud is mó a ghoilleann ar dhaoine. Má chuirimid ardú meanman ar dhaoine, agus grá Dé a léiriú ina leith, má chuirimid ar na súile dóibh gur daoine luachmhara leithleacha iad, déanaimid an croí a spreagadh iontu. Bíimid páirteach in obair chruthaitheach an Tiarna.

## Conas

Ní bhíonn sé sa nádúr ag an uile dhuine a bheith tréadúil, a bheith ag labhairt faoi ábhar a bheadh conspóideach. Bíonn Dia follasach ionainn ar bhealaí éagsúla. Bíonn Dia le sonrú i nduine amháin tríd an ngreann, i nduine eile i gcrógacht, bíonn daoine áirithe tíriúil, bíonn meas ag an bpobal orthu. Ag an am céanna áfach, bíonn Dia follasach sa duine cúthail, sa duine umhal faichilleach. Pé bealach ina mbíonn Dia le sonrú ionainn, sin an rud a theastaíonn uaidh. Uaireanta ní lorgaítear uainn ach suí go foighneach agus a bheith ann. Ní bhíonn gá le focal ar bith. Is féidir linn éisteach gan breith a thabhairt. Is cuma cén áit nó conas a cuireadh ar an saol tú, is duine foirfe tusa agus cuireadh anseo tú le trócaire Dé a dhéanamh ar chách.





# Liotúirge Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2016

## (Liotúirge an Bhriathair)

*Is féidir áit urnaí simplí a thógáil, ag baint úsáide as na siombailí a thugtar aníos sa mhórshiúl, ach bíodh áit ar leith ann don uisce coisricthe.*

**Iomann Iontrála:** Le canadh a fhad is a bhíonn na siombailí a chuireann an Scoil Chaitliceach in iúl, á dtabhairt aníos.

### Deasghnáth Uisce Spréite:

*(In ionad an deasghnátha Aithrí)*

**Ceannaire:** Tugtar dúshlán dúinn trócaire Dé a chur i bhfeidhm gach lá dár saol. Bíonn an saol ag athrú i gcónaí, agus nuair a thugtar an dúshlán dúinn maireachtáil de réir an chreidimh, bíonn gá le neart agus tacaíocht Dé a bheith againn leis an misean seo a chur i gcrích. Dá bhrí sin guímid lena chéile:

**Cách:** Déan uirlis na síochána díom, a Thiarna  
San áit a bhfuil fuath go gcuire mé an grá  
San áit a bhfuil ciontacht go gcuire mé pardún  
San áit a bhfuil éadóchas, go gcuire mé an dóchas  
San áit atá dorcha go lasa mé an solas  
San áit ina bhfuil an brón, go gcuire mé lúcháir.  
A Thiarna Dia, tabhair spreagadh dom sólas a bhronnadh seachas sólas a lorg  
Tuiscint a bheith agam do dhaoine seachas éileamh a dhéanamh ar thuiscint  
Grá a roinnt ar dhaoine seachas grá a lorg uathu,  
Óir is tríd an tabhartas a thugtar dúinn  
Óir is trí phardún a thabhairt a thugtar pardún dúinn  
Is tríd an mbás a fháil a aiséirimid sa saol síoraí.

*Tugtar cuireadh do na mic léinn ar fad teacht aníos agus fíor na croise a ghearradh orthu féin leis an uisce coisricthe.*

### An Chéad Léacht:

Sliocht as Leabhar Irimia Fáidh.  
(Irimia 1:4-5, 17-19)

**Salm:** Fógróidh mo bhéal d'fhíréantacht.  
(Salm 70:1-6, 15, 17)

**Freagra:** Fógróidh mo bhéal d'fhíréantacht.

### An Dara Léacht:

Sliocht as Chéad Litir Naomh Pól chuig na Corantaigh  
(1 Cor 12: 31-13:13)

### Gairm an tSoiscéil

Alleluia, Alleluia!

Is mise an tslí, an fhírinne agus an bheatha.  
Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach tríomsa.  
Alleluia.

**An Soiscéal:** Sliocht ón Soiscéal de réir Naomh Matha.

### Guí an Phobail

(1) Guímid ar son phobal uile na hEaglaise. Go mbeimid sásta trócaire Dé a dhéanamh ar na daoine a bhfuil an uireasa is mó orthu. A Thiarna Éist Linn.

**A Thiarna bí Ceansa agus Éist Linn.**

(2) Guímid ar son mhuintir an pharóiste. Tabhair an neart dúinn freagairt a thabhairt in aghaidh an lae, ar an dúshlán trócaire Dé a fhógairt i measc an phobail agus i gcéin. A Thiarna Éist Linn.

**A Thiarna bí Ceansa agus Éist Linn.**

(3) Guímid ar son baill an phobail scoile. Go ndéana pobal iomlán na scoile trócaire orainn, agus go ndéanfaimid gach iarracht grá agus trócaire Dé a léiriú inár saol. A Thiarna Éist Linn.

**A Thiarna bí Ceansa agus Éist Linn.**

(4) Guímid ar son na n-easlán, go mbeidh slánú intinne, meoin agus coirp ar fáil dóibh. Go ndéana Dia trócaire orthu ionas go mbeidh an neart iontu aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an tsaoil. A Thiarna Éist Linn.

**A Thiarna bí Ceansa agus Éist Linn.**

(5) Guímid ar son ár muintir a fuair bás. Go ndéana Dia trócaire orthu agus áit ar Neamh a sholáthar dóibh. A Thiarna Éist Linn.

**A Thiarna bí Ceansa agus Éist Linn.**

(6) Guímid ar ár son féin. Go roinnfimid an chomhbhá go fíal le daoine eile, go háirithe nuair nach éasca dúinn a leithéid a dhéanamh. A Thiarna Éist Linn.

**A Thiarna bí Ceansa agus Éist Linn.**

*(D'fhéadfaí deireadh a chur leis an tseirbhís urnaí anseo, agus iomann oiriúnach a chanadh.)*

**Moladh:** Paidir Eocairisteach II

### Rogha Ceoil:

1. Éirím Suas Le Dia (McDonagh)
2. Seinn Alleluia (McDonagh)
3. On Eagle's Wings (Joncas)
4. The Servant Song (Gillard)
5. The Servant King (Kendrick)
6. God's Holy Gifts (Sexton)
7. Bí a Íosa im' Chroise (Traidisiúnta)
8. Pity Then the Child (Lawton)
9. The Lord is my Shepherd (Lawton)
10. Your Mercy Like Rain (Cooney) Spréigh Uisce
11. Comhghártha: Rogha ón Aifreann